2026/1836

27.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1836 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Iúil 2026

lena leasaítear Cinneadh 2010/413/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Iúil 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/413/CBES [1].

(2) I gcomhréir le hAirteagail 26(1) agus (3) de Chinneadh 2010/413/CBES, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Chinn an Chomhairle gur cheart na hiontrálacha a bhaineann le triúr a ainmnítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES a bhaint den Iarscríbhinn sin. Ba cheart na bearta sriantacha i gcoinne gach duine agus gach eintitis eile a ainmnítear in Iarscríbhinn II a choinneáil ar bun agus ba cheart iontráil amháin a bhaineann le heintiteas a áirítear inti a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2010/413/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

[1] Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/413/oj).

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal ‘I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí núicléacha nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.’, fo-cheannteideal ‘B. Eintitis’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 92:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘92.	Research Centre for Explosion and Impact (ar a dtugtar freisin METFAZ)	44, 180th Street West, Tehran, 16539-75751	Is fochuideachta é Research Centre for Explosion and Impact den Eagraíocht um Nuálaíocht agus Taighde Cosanta (SPND) atá liostaithe ag an Aontas, ar cuid í den Aireacht Cosanta um Lóistíocht na bhFórsaí Armtha (MODAFL). Díríonn gníomhaíochtaí METFAZ ar theicneolaíocht an mhadhmtha, rud a thacaíonn le soic phléascáin núicléacha a fhorbairt. Dá bhrí sin, tá METFAZ ag gabháil do ghníomhaíochtaí núicléacha na hIaráine atá íogair ó thaobh an leata de agus tá tacaíocht á tabhairt aige do na gníomhaíochtaí sin.	1.12.2011’;

(2) faoin gceannteideal ‘II. Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC)’, faoin bhfo-cheannteideal ‘A. Daoine’, scriostar na hiontrálacha seo a leanas:

9. Mohammad PAKPUR;

11. Hossein SALAMI;

19. Briogáidireghinearál IRGC Amir Ali Haji ZADEH.